

Iarradh ort píosa cainte (óráid) a thabhairt ag Oíche Oscailte i do scoil. Beidh tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí eile ag éisteacht leat. Scríobh an píosa cainte (óráid) a thabharfá (thart faoi 150 focal). Bíodh na pointí seo a leanas san áireamh san óráid.

- **Cur síos ar an lá scoile**
- **Na hábhair atá ar fáil sa scoil**
- **Na háiseanna atá ar fáil sa scoil**
- **Imeachtaí seach-churaclaim atá agaibh sa scoil**

(2020 Mock Q11)

A **chomhscoláirí** (fellow students), a mhúinteoirí, a phríomhoide agus a thuismitheoirí, ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh ar fad anseo anocht. Is mise Áine agus táim anseo inniu chun óráid a thabhairt faoin scoil seo, Coláiste Mháire.

Tosaíonn an lá scoile ag Coláiste Mháire ar a naoi. Bíonn sos againn ar a deich a chlog agus lón ar a dó a chlog. **Maireann** (last) na ranganna uair an chloig agus críochníonn an lá scoile ar a leathuair tar éis a trí. Tá **rogha leathan ábhar** (wide range of subjects) ar fáil sa scoil seo - eolaíocht, stair, ealaíne, ceol, staidéar gnó agus teicneolaíocht. Sa chéad bhliain, bíonn deis ag gach dalta a ábhair a roghnú.

Tá áiseanna **den scoth** againn sa scoil seo. Tá leabharlann **ollmhór** againn, chomh maith le seomra ceoil agus seomra ealaíne. Tá trí shaotharlanna againn le haghaidh eolaíocht agus teicneolaíocht. Tá dhá sheomraí ríomhaire nua-aimseartha againn agus agus úsáidimid an **teicneolaíocht is déanaí** (latest technology) ann. **Taobh amuigh** (outside), tá páirc peile agus tá cúirteanna leadóige ann freisin.

Tá a lán **imeachtaí seach-churaclaim** (extra-curricular activities) ar fáil anseo freisin. Is scoil an-spórtúil muidne - tá foireann peile, foireann sacar, foireann leadóige agus foireann cispheile. Bhuaigh an foireann peile an **craobhchomórtas náisiúnta** (national championship) mbliana creid é nó ná chreid! Tá **cór** (choir) agus **ceolfhoireann** (orchestra) go hálainn againn freisin. Is féidir le gach dalta páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo!

Tá súil agam go n-aontóidh sibh liom gur scoil iontach é an scoil seo. Go raibh míle maith agaibh as éisteacht liom anocht agus tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an oíche.